Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2026
(OR. en)

9623/26
PV CONS 30
RELEX 701
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha/Trádáil)

22 Bealtaine 2026

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9370/26.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 9369/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 9336/26

**Gnóthaí Eachtracha**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Leasú ar an Rialachán maidir le Scéim um Fhabhair Tharaife Ghinearálaithe<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 13.5.2026 | ❶C | 8836/2/26 REV 2<br>+ ADD 1-3<br>PE-CONS 3/26<br>+ COR 1 (es)<br>POLCOM |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ghréig, an Spáinn agus an Iodáil ag vótáil ina choinne agus an Bheilg agus an Phortaingéil ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 207(2) CFAE).

Leagtar amach ráitis ón nGréig, ón Spáinn, ón Iodáil, ón Ungáir agus ón bPortaingéil san Iarscríbhinn.

**Talmhaíocht**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | Rialachán maidir le leas madraí agus cat<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 13.5.2026 | ❶C | 8732/1/26 REV 1<br>+ ADD 1<br>PE-CONS 2/26<br>VETER |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an tSeicia ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 43(2) agus Airteagal 114 CFAE).

Leagtar amach ráitis ón gCoimisiún san Iarscríbhinn.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. An tslándáil eacnamaíoch: tionchar choinbhleacht an Mheánoirthir ar thrádáil — 9193/26
   *Staid na himeartha*

4. Athchóiriú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT): obair leantach ar an 14ú Comhdháil Aireachta (MC14)
   *Staid na himeartha*

5. Aon ghnó eile

---

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 9336/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | Leasú ar an Rialachán maidir le Scéim um Fhabhair Tharaife Ghinearálaithe<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN nGRÉIG, ÓN SPÁINN AGUS ÓN IODÁIL**

'Maidir leis an dréachtrialachán lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe, ba mhaith leis an nGréig, leis an Spáinn agus leis an Iodáil, arb ionann iad le chéile agus thart ar 85 % de tháirgeadh ríse an Aontais, an méid seo a lua. Is garsprioc ríthábhachtach é an sásra coimirce uathoibríoch do rís a áireamh. Mar sin féin, níorbh é an sásra coimirce féin an aidhm a bhí againn agus sinn ag tacú leis an gcoimirce, ach an chosaint a dheonófaí leis an sásra coimirce. Ar an drochuair, tugann toradh na caibidlíochta le tuiscint nach leor an sásra coimirce chun staid earnáil ríse na hEorpa a mhaolú.

Bhíomar rannpháirteach, ar bhealach cuiditheach, le linn an phróisis agus léiríomar solúbthacht chun teacht ar chomhréiteach ach, dar linne, bheadh sé beagnach dodhéanta an sásra coimirce sin a ghníomhachtú i ngeall ar an athbhreithniú bliantúil ar na tairseacha agus ar an sárú de 45 % ar allmhairí ríse.

Fágann sin nach bhfuilimid in ann toradh an chruinnithe thríthaobhaigh a tionóladh an 1 Nollaig 2025 a fhormhuiniú, ós rud é nach sainítear paraiméadair an tsásra coimirce uathoibríoch do rís ar bhealach lena n-áirithítear a éifeachtacht, ná a ghníomhachtú tráthúil nuair is gá chun inmharthanacht earnáil ríse na hEorpa a choimirciú.

Ag féachaint chun cinn, is dearcadh iomlánaíoch a bheidh de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla atá roimh earnáil ríse na hEorpa agus na dúshláin sin a áireamh i gcomhaontuithe a bheidh ann amach anseo.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Tacaíonn an Ungáir le glacadh rialachán nua GSP ar bhonn an chomhaontaithe comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air.

Mar sin féin, ba mhaith linn a athdhearbhú nach bhfuil aon tionchar dearfach ag an imirce inti féin ar an bhfás cuimsitheach ná ar an bhforbairt inbhuanaithe. Ina ionad sin, ba cheart dúinn réitigh a lorg ar bhunchúiseanna an easáitithe agus cabhrú le tíortha timpeallacht chumasúcháin a chruthú ar mhaithe leis an bhforbairt shocheacnamaíoch.'

**RÁITEAS ÓN bPORTAINGÉIL**

'Aithníonn an Phortaingéil a thábhachtaí atá Scéim um Fhabhair Tharaife Ghinearálaithe mar phríomhionstraim de bheartas trádála agus forbartha an Aontais. Dá bhrí sin, is tosaíocht dúinn é rialachán nua GSP a ghlacadh.

Mar sin féin, leis an gcomhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa, ní thugtar aghaidh go hiomlán ar na hábhair imní a chuir an Phortaingéil in iúl go comhsheasmhach le linn an phróisis caibidlíochta maidir leis an sásra coimirce uathoibríoch don rís.

Dar leis an bPortaingéil, ní leor fós na paraiméadair a comhaontaíodh don sásra coimirce chun cosaint éifeachtach a chinntiú d'earnáil atá, i gcás na Portaingéile mar aon le Ballstáit eile, leochaileach ó thaobh struchtúir de agus an-íogair.

Dá bhrí sin, tugann an Phortaingéil dá haire an comhaontú ar thángthas air maidir leis an sásra coimirce, ach ní féidir léi tacú leis an togra le haghaidh rialacháin san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair agus beidh uirthi staonadh ón vótáil nuair a chuirfear faoi bhráid na Comhairle é lena fhormheas.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | Rialachán maidir le leas madraí agus cat<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITIS ÓN gCOIMISIÚN**

<u>An pas peataí</u>

'Measann an Coimisiún gur rud dearfach é an tionscnamh chun digitiú an phas peataí a bunaíodh faoi Dhlí an Aontais maidir le Sláinte Ainmhithe a chumasú. Tá measúnú mionsonraithe cuimsitheach ar impleachtaí agus módúlachtaí teicniúla agus praiticiúla an chuspóra digitithe sin le déanamh laistigh de 2 bhliain, i gcomhar leis na Ballstáit, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar mhórchoinníollacha teicniúla, praiticiúla agus bonneagair agus ar an rogha an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití a úsáid, ar rogha í a forbraíodh a thuilleadh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Déanfaidh an Coimisiún breithniú ar ghlacadh gníomhartha tarmligthe faoin Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe chun foráil a dhéanamh maidir leis an bpas peataí a dhigitiú a luaithe a bheidh na céimeanna sin curtha i gcrích.

<u>An liosta dearfach peataí</u>

Mar a fógraíodh in athbhreithniú 2022 ar phlean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh na gáinneála ar fhiadhúlra, sheol an Coimisiún staidéar ar an ngá atá le 'liosta dearfach peataí' a thabhairt isteach ar fud an Aontais, ar an mbreisluach a bhaineann leis sin agus ar a indéanta atá sé é sin a dhéanamh. Cuirfear tuarascáil chríochnaitheach an staidéir sin ar fáil go poiblí go luath in 2026. Breithneoidh an Coimisiún an bhfuil gá le haon obair leantach.'